# Cruth agus spás: Trasfhoirmiú – Moltaí don teagasc

## MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Spreag na páistí le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí trasfhoirmithe praiticiúla lena gcuid piaraí, m.sh., *cruthanna 2-T agus 3-T a láimhsiú le saothair ealaíne a chruthú, íomhánna a mhéadú ag baint úsáid as gléas fótachóipeála*.
- Úsáid 'fíorshaoil' de thrasfhoirmiú, m.sh., *sa cheardaíocht, tógáil, ailtireacht, agus dearadh intí*.
- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí le trasfhoirmithe agus teisilidí a fhiosrú in ealaín agus in ailtireacht timpeall an domhain, agus tarraing/cruthaigh íomhánna díobh seo ag baint úsáid as greillí, m.sh., *teisilidí in ealaín M. C. Escher, siméadracht agus siméadracht rothlach i sainchomharthaí mór le rá cosúil le Túr Eiffel, Taj Mahal*, srl.

## SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Spreag páistí lena dtuiscint ar thrasfhoirmithe a fhorbairt trí chluichí agus puzail, m.sh., *tangraim, míreanna mearaí, Tetris agus cluichí ar líne ar nós Minecraft*.
- Leag béim ar agus cuir deiseanna ar fáil do pháistí le trasfhoirmithe a fhiosrú agus le triail a bhaint astu trína réimsí féin spéiseanna, m.sh., *gluaiseachtaí sa damhsa agus i spóirt eile, siméadracht agus teisilidí in éadaí, siméadracht sa dúlra*.
- Cuir dúshlán roimh na páistí trasfhoirmithe a chur i gcrích go comhoibríoch, ag baint úsáid as réimse ábhar agus uirlisí digiteacha, m.sh., *cruthanna 2-T agus 3-T, geochláir, scátháin, greillí, láimhseoga fíorúla*.

## TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí chun tascanna oscailte a bhaineann le trasfhoirmiú a iniúchadh agus chun tabhairt fúthu, m.sh., *dear marcaíocht i bpáirc théama a bhfuil siméadracht rothlach ina gné de, cruthaigh cluiche boird a bhfuil aistriú píosaí cluiche mar chuid de*.
- Athraigh tascanna le deiseanna cuí dúshláin a chur ar fáil, m.sh., *athraigh líon na gcéimeanna in aistriú, castacht na gcruthanna céimseatúla do theisiliú, líon na gcomhordanáidí in íomhá atá le léiriú nó le haistriú ar ghreille*.
- Spreag na páistí le patrúin a dhearadh go comhoibríoch ag baint úsáid as polagáin teisilithe ar mhaithe le spraoi, agus chun críche cuspóirí faoi leith, m.sh., *ealaín shéasúrach a chruthú, tascanna dearaidh intí ar líne nó i samhlacha d'fhoirgnimh*.

## BÉIM A CHUR AR SHAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Cinntigh go bhfuil deiseanna ag na páistí trasfhoirmithe a fhiosrú ag baint úsáid as rogha acmhainní, m.sh., *cruthanna 2-T agus 3-T, ábhair ealaíne, geochláir, greillí, uirlisí agus graif dhigiteacha*.
- Spreag na páistí le bealaí oiriúnacha a roghnú chun a gcuid smaointe maidir le frithchaitheamh, rothlú agus teisiliú a léiriú, m.sh., *grianghraif, líníochtaí, léirithe praiticiúla, graif, táblaí, greillí comhordanáide a úsáid*.
- Éascaigh na páistí agus a gcuid samhlacha maidir le haistrithe a fhiosrú á gcur i bhfeidhm acu i gcomhthéacsanna nua agus fiúntacha, m.sh., *fiosraigh siméadracht i ngrianghraif d'ailtireacht mór le rá nó áitiúil*.

## MATA-CHAINT A CHUR CHUN CINN

- Eiseamláirigh an teanga a bhaineann le trasfhoirmithe in eispéiris laethúla agus i réimsí eile den churaclam a úsáid, m.sh., *siméadracht i saothair ealaíne, rudaí a mhéadú trí 'zúmáil isteach' orthu le ceamara, lámha, cosa, cromáin, srl., a rothlú i síntí spóirt*.
- Cruthaigh deiseanna do na páistí tabhairt faoi phlé matamaiticiúil maidir le trasfhoirmithe trí cheistiúchán oscailte agus ardoird, m.sh., *inis dom faoi na bealaí inar féidir an cruth seo a athrú nó a thrasfhoirmiú? Déan cur síos ar na gnéithe de chruth a thacaíonn le teisiliú? Mínigh cé mhéad eangach faoi leith de chúib/chiúbóideach is féidir a chruthú?*
- Spreag na páistí lena gcuid eolais agus tuisceana ar thrasfhoirmithe a léiriú agus a roinnt trí ghluaiseacht agus comharthaí chomh maith le plé.

Arna fhorbairt i gcomhar le **Mary Kearney, Múinteoir Bunscoile, Co. na Gaillimhe**